An Roinn Oideachais
Department of Education

# An Bord Comhairleach um Cháilíochtaí d'Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige Téarmaí Tagartha

## Teideal Iomlán

An Bord Comhairleach um Cháilíochtaí chun bainistiú a dhéanamh ar an athbhreithniú ar chláir oideachais ghairmiúil tosaigh (cláir chéime Leibhéal 7 agus 8) don earnáil a bhaineann le Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige in Éirinn maidir lena gcomhleanúnachas leis na Critéir agus na Treoirlínte um Dhámhachtainí Gairmiúla a d'fhoilsigh an tAire Oideachais agus Scileanna ar an 12 Aibreán 2019.

## Ballraíocht

Cuimseoidh an Bord Comhairleach um Cháilíochtaí (QAB) cathaoirleach neamhspleách, agus saineolaithe maidir le cáilíochtaí, ardoideachas agus riachtanais ghairmiúla don earnáil. Beidh an QAB comhdhéanta díobh seo a leanas:

1. Cathaoirleach Neamhspleách, a cheapfaidh an tAire Oideachais agus Scileanna agus an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige
2. Ainmní ó Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)
3. Ainmní ón Údarás um Ard-Oideachas (HEA)
4. Ainmní ón gCumann um Ard-Oideachas Teicneolaíochta (THEA)
5. Ainmní ó Chumann Ollscoileanna Éireann (IUA)
6. Saineolaí ó Lasmuigh den Stát, a cheapfaidh an tAire Oideachais agus Scileanna agus an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige
7. Oifigeach ón Roinn Oideachais agus Scileanna (DES)
8. Oifigeach ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (DCYA)

Beidh seasamh agus cáil acadúil mar is cuí ag an gcathaoirleach neamhspleách, agus beidh taithí fhorleathan ábhartha aige nó aici i dtaca le forbairt clár san ardoideachas in Éirinn, ach nach bhfuil sé nó sí fostaithe ag aon soláthraí cúrsa chun aon chlár a chuirfear faoi bhráid an Bhoird a fhorbairt. Beidh taithí agus eolas praiticiúil agus acadúil ábhartha ag an saineolaí ó lasmuigh den stát agus beidh sé nó sí gníomhach lasmuigh den dlínse, agus beidh sé nó sí ábalta leas a bhaint as a c(h)uid saineolais agus tuisceana chun bonn eolais a chur faoi phlé an QAB.

## Cuspóir

I mí Aibreáin 2019, cheadaigh an tAire Oideachais agus Scileanna agus an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige na Critéir agus na Treoirlínte um Dhámhachtainí Gairmiúla (PAGG) d'Fhoglaim agus Cúram na Luath-Óige a fhoilsiú agus amlíne chun iad a thabhairt isteach, lena n-áirítear Bord Comhairleach um Cháilíochtaí (QAB) a bhunú.

Tá sé mar chuspóir ag na Critéir agus na Treoirlínte um Dhámhachtainí Gairmiúla (PAGG) buntacú le dearbhú cáilíochta na gclár céime gairmiúla agus cuirfidh siad ar chumas soláthraithe cúrsaí san oideachas gairmiúil tosaigh cúrsa a dhearadh agus a sholáthar (lena n-áirítear socrúchán um chleachtadh gairmiúil), ar cúrsa é ina ndéantar na luachanna, an t-eolas agus na cleachtais riachtanacha a fhorbairt ina gcuid céimithe le go mbeidh ar a gcumas cleachtadh mar phríomhghairmithe san earnáil.

Is é an ról atá ag an QAB ná bainistíocht a dhéanamh ar an athbhreithniú ar chláir nua san oideachas gairmiúil tosaigh (cláir chéime Leibhéal 7 agus 8) don earnáil a bhaineann le Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige in Éirinn maidir lena gcomhleanúnachas leis an PAGG.

## Feidhmeanna

1. Prótacal caighdeánach a chomhaontú chun athbhreithniú a dhéanamh ar chláir chéime ag teacht leis na Critéir agus na Treoirlínte um Dhámhachtainí Gairmiúla.
2. Maoirseacht a dhéanamh ar roghnú agus ar cheapadh saineolaithe. Roghnófar iad sin as painéal de shaineolaithe seachtracha atá sa réimse cheana féin agus/nó acadóirí atá ar scor nó acadóirí idirnáisiúnta, agus déanfaidh siadsan athbhreithniú ar thograí clár a cuireadh faoi bhráid an QAB chun ceadú tosaigh a thabhairt dóibh mar chláir chéime ghairmiúla don earnáil a bhaineann le Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige (ELC).
3. Moltaí na saineolaithe a ceapadh a bhreithniú maidir leis na tograí clár agus liosta de na cláir a ceadaíodh a mholadh don Aire Oideachais agus Scileanna agus don Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige.
4. Maoirseacht a dhéanamh ar phróiseas chun tacú le feidhmiú na gclár nua a ceadaíodh agus ar féidir dámhachtainí céime gairmiúla a ghnóthú astu agus a mbeidh comhdhéanamh na bpainéal saineolaithe chun feidhmiú na gclár nua a athbhreithniú san áireamh iontu.
5. Comhairle a chur ar an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige maidir leis an bpróiseas le measúnú a dhéanamh ar chláir chéime nach cláir Éireannacha iad, ar mhaithe le comhionannas leis na Critéir agus na Treoirlínte um Dhámhachtainí Gairmiúla a chinneadh, agus chun dearbhú cáilíochta a thabhairt maidir leis an bpróiseas a cuireadh i bhfeidhm.

## Próiseas agus riarachán

- Gheobhaidh an QAB tacaíocht ó rúnaíocht ina mbeidh oifigigh ón DES agus ón DCYA agus déanfaidh siadsan próiseas iarratais na soláthraithe cúrsaí a bhainistiú agus déanfaidh siad comhordú na saineolaithe don phróiseas athbhreithnithe tosaigh agus do na próisis um athbhreithniú ar fheidhmiú ina dhiaidh sin a riar.
- Faoi mar atá an QAB á bhunú ag an Aire Oideachais agus Scileanna agus ag an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, féadfaidh an bheirt Airí an QAB a lánscor le comhaontú. Ar an mbealach céanna, meastar gurb iad an bheirt Airí a cheap an cathaoirleach Neamhspleách agus baill shaineolaíocha an Bhoird ó lasmuigh den stát agus féadfar deireadh a chur lena gceapacháin faoi rogha na nAirí.
- Is cúigear ball a bheith i láthair an córam a bheidh riachtanach do gach cruinniú den QAB.
- Ní cheadófar d’aon ionadaithe malartacha freastal ar chruinnithe in ionad ainmní.
- Déanfar aon fholúntas a thiocfaidh chun cinn a líonadh a luaithe agus is féidir lena chinntiú go mbeidh ionadaíocht ag gach eagraíocht.

Seachas mar atá sonraithe thuas, cinnfidh an QAB a sceideal cruinnithe agus a thráthchlár féin. Tabharfaidh an QAB fógra faoina sceideal cruinnithe do sholáthraithe cúrsaí agus socróidh sé a chuid spriocdhátaí féin do sholáthraithe cúrsaí chun cláir a chur isteach lena n-athbhreithniú. Socraíodh an 13 Nollaig 2019 mar spriocdháta cheana féin faoina mbeadh

ar sholáthraithe cláir a bheith istigh acu lena n-athbhreithniú má bhí siad le tosú i mí Mheán Fómhair 2020. Déanfar aon chláir den sórt sin a athbhreithniú ag cruinnithe tosaigh an QAB.